# An Chuntaois Markievicz

Ba bhall den Chinsealacht Angla-Éireannach í Constance Gore-Booth a tógadh i dteaghlach saibhir i dTeach Lios an Daill, Co Shligigh. Ba thiarna talún cineálta é a hathair le linn an Ghorta 1879-1880 a spreag coinsias sóisialta Constance. Agus í i Londain chuaigh Gluaiseacht na Sufraigéidí go mór i bhfeidhm uirthi. Nuair a d'fhill sí ar Éirinn ghlac sí páirt ghníomhach sa Fhrithdhúnadh Mór i mBaile Átha Cliath (1913), Éirí Amach na Cásca (1916), Cogadh na Saoirse agus thacaigh sí leis na Poblachtánaigh sa Chogadh Cathartha. Ba í an chéad bhean a toghadh ina haire i bParlaimint Westminster agus bhí sí ceannródaíoch i mbunú Fhianna Fáil.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# An Chuntaois Markievicz

Féach ar an bhfíseán faoin gCuntaois Markievicz. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.

| | | |
|---|---|---|
| Rugadh an Chuntaois Markievicz sa bhliain 1868 | **F** | |
| Phós sí Gearmánach | | |
| Bhí sí ina ball d'Arm Cathartha na hÉireann a chosain oibrithe le linn Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath | | |
| Ní raibh go leor airgid ag oibrithe le linn Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath a dteaghlaigh a chothú | | |
| Chaill sí amach ar Éirí Amach 1916 toisc nach raibh sí i mBaile Átha Cliath ag an am | | |
| Sheas sí in olltogchán 1918 | | |
| Ba í an chéad bhean a toghadh go Parlaimint Westminster | | |
| Níor chaith sí mórán ama sa phríosún | | |
| D'fhág sí Sinn Féin ag deireadh a saoil | | |
| Cailleadh í sula raibh deis aici a suíochán a ghlacadh le Fianna Fáil | | |

# An Chuntaois Markievicz

## Anois, léigh an t-alt seo faoin gCuntaois Markievicz agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

An Chuntaois Markievicz (1868-1927)

Rugadh Constance Gore-Booth sa bhliain 1868 i Londain. Ba í an duine ba shine de chúigear clainne í a bhí ag Sir Henry Gore-Booth agus a bhean chéile Georgina Mary Gore-Booth. Agus í ina páiste shocraigh an teaghlach ag Lios an Daill i gContae Shligigh agus bhí an-ghrá go deo aici d'Iarthar na hÉireann go lá a báis. Ba theaghlach an-saibhir ar fad iad Muintir Gore-Booth agus tógadh Constance le gach só agus spórt. Ba thiarna talún é Sir Henry a raibh a lán talún aige agus neart tionóntaí. Agus Constance fásta ina bean óg, bhí a début aici i bPálas Buckingham agus an Bhanríon Victoria i réim. Chuaigh sí ar thuras timpeall na Mór-Roinne.

Thaitin an ealaín go mór le Constance agus d'fhreastail sí ar an scoil ealaíne Slade i Londain, áit ar chuala sí faoi Ghluaiseacht na Sufraigéidí den chéad uair. Mná a bhí sna Sufraigéidí ar theastaigh cearta vótála uathu. D'fhreastail Constance ar scoil ealaíne eile ansin i bPáras, áit ar bhuail sí lena fear céile, an Cunta Caisimir Dunin-Markievicz. Ba Pholannach é a bhí ina ealaíontóir freisin. Phós siad sa bhliain 1900 agus thug Constance cailín óg ar an saol an bhliain dar gcionn. Maeve a thug sí uirthi in ómós don Bhanríon Éireannach cháiliúil. D'fhág Constance Maeve lena máthair féin, an Bhantiarna Gore-Booth, agus ba í a mamó a thóg Maeve dáiríre. Scar Constance agus Caisimir go neamhoifigiúil óna chéile sa bhliain 1909.

Agus Constance i mBaile Átha Cliath, thosaigh sí ag cur spéise níos doimhne i gcúrsaí polaitíochta agus i nGluaiseacht an Cheardchumannachais. Ghlac sí ballraíocht sa pháirtí polaitíochta Sinn Féin agus cumann Poblachtánach do mhná darbh ainm Inghinidhe na hÉireannn. Le linn Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1913, rith sí tithe anraith do na hoibrithe a bhí faoi bhrú ollmhór. Thacaigh sí go mór le hiarrachtaí Jim Larkin cearta a bhaint amach do ghnáthoibrithe na cathrach.

# An Chuntaois Markievicz

Ghlac sí ballraíocht in Arm Cathartha na hÉireann agus bhí sí go mór chun tosaigh sa phroiséas a thug Inghinidhe na hÉireann agus Cumann na mBan le chéile. Sa bhliain 1916 ghlac sí páirt an-ghníomhach in Éirí Amach na Cásca agus throid sí go príomha ag Faiche Stiabhna agus ag Coláiste Ríoga na Máinlia. Tar éis 6 lá bhí sí gafa ach toisc gur bhean í níor cuireadh chun báis í. Chaith sí a lán ama, áfach, sa phríosún.

Sheas sí san olltoghchán sa bhliain 1918 ar son Shinn Féin agus bhí sí ar an gcéad bhean a toghadh go Parlaimint Westminster. Níor ghlac sí lena suíochán, ach an oiread le baill eile Shinn Féin. Chruthaigh Sinn Féin Dáil Éireann sa bhliain 1919 agus ainmníodh Constance ina hAire Saothair. Ba í an t-aon bhean a ghlac suíochán sa Dáil sin. Le linn Chogadh na Saoirse, chaith sí a lán ama ag teitheadh ó Arm na Breataine nó sa phríosún, rud a chuir isteach go mór ar a sláinte. Le linn an Chogaidh Chathartha, thacaigh Constance le hÉamon de Valera agus leo siúd nár aontaigh le síniú an Chonartha Angla-Éireannaigh. Cuireadh lagmhisneach uirthi sna blianta nuair nár ghlac Sinn Féin páirt ghníomhach sa Dáil tar éis an Chogaidh Chathartha. Nuair a bhunaigh Seán Lemass agus Éamon de Valera an páirtí polaitíochta Fianna Fáil d'fhág sí Cumann na mBan agus ghlac sí ballraíocht i bhFianna Fáil. Bhuaigh sí suíochán san olltoghchán i 1927 ach faoin am sin bhí sí lag, tuirseach agus tinn. Cailleadh í ag aois 59, in ospidéal i mBaile Átha Cliath, ar bharda poiblí tar éis di a rá gur bochtán a bhí inti ar nós duine ar bith eile a bhí ann.

# An Chuntaois Markievicz

## Gluais

Tiarna talún = Duine a bhfuil talamh nó tithe ar cíos aige

Gluaiseacht na Sufraigéidí = Gluaiseacht de mhná sa Bhreatain a lorg cead vótála

Ballraíocht = páirt a ghlacadh i gcumann nó grúpa

Teach anraith = cistin a thugann amach bia saor in aisce do dhaoine ar an ngannchuid

Coláiste Ríoga na Máinlia = ollscoil cháiliúil i mBaile Átha Cliath a chuireann oideachas leighis ar mhic léinn

Bochtán = duine gan pingin rua atá beo bocht

## Ceisteanna

1. Cén bhliain ar rugadh Constance Markievicz?
2. Cén saghas teaghlaigh a bhí i Muintir Gore-Booth?
3. Céard a rinne Constance agus í óg a léirigh go raibh a teaghlach saibhir?
4. Cén áit ar fhreastail Constance uirthi le ceird na healaíne a fhoghlaim?
5. Cathain a bhuail Constance le Caisimir Dunin-Markievicz?
6. Cé mhéad páiste a bhí ag Constance?
7. Cén ról a bhí ag Constance in Éirí Amach 1916?
8. Cén chaoi ar mhothaigh Constance faoi shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh?
9. Céard a cheapann tú de ghníomh deiridh Constance, bás a fháil ar bharda poiblí in ospidéal agus í a rá gur 'bochtán' a bhí inti?
10. An bhfuil meas agat ar Constance? Cén fáth?

# An Chuntaois Markievicz

Meaitseáil: Féach ar an bhfíseán arís agus meaitseáil na príomhfhocail ar chlé leis an míniú cuí ar deis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| Jim Larkin | Ag rith ó dhuine nó ó dhaoine eile |
| Éirí Amach na Cásca | Páirtí Polaitíochta Poblachtánach a bunaíodh sa bhliain 1905 |
| Éamon de Valera | Polannach a phós Constance Gore-Booth |
| Sinn Féin | Tír a bhfuil a rialtas tofa ag an bpobal ar son an phobail |
| Dáil Éireann | Réabhlóid fhuilteach a thit amach le linn Sheachtain na Cásca |
| Ar teitheadh | Teach galánta Mhuintir Gore-Booth i Sligeach |
| Sufraigéid | Rialtas na hÉireann |
| Conradh Angla-Éireannach | Ceardchumannaí a threoraigh na hoibrithe le linn Fhrithdhúnadh Mór Bhaile Átha Cliath 1913 |
| Lios an Daill | Aontú idir an Bhreatain agus Éire a síníodh sa bhliain 1921 |
| Caisimir Dunin-Markievicz | Bunaitheoir Fhianna Fáil |
| Poblacht | Bean a throid ar son chearta vótála na mban sa Bhreatain |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# An Chuntaois Markievicz

Bhí tionchar ollmhór ag Constance Markievicz ar na himeachtaí a thit amach le linn Éirí Amach 1916. Seo ceithre fhíric faoin imeacht staire tábhachtach sin:

1. Ghlac Constance Markievicz ról an-tábhachtach agus an-ghníomhach in Éirí Amach 1916. Ba bhall lárnach d’Arm Cathartha na hÉireann í agus ba náisiúnach dílis í.
2. Throid sí ag Faiche Stiabhna faoi stiúir Michael Mallin. Chaith sí éide saighdiúra agus d’úsáid sí gunna le linn an Éirí Amach.
3. Cé gur bhean í bhí ról sinsir aici, rud a léirigh a scileanna ceannaireachta agus an t-ardmheas a bhí uirthi ag an am.
4. Bhí sí an-tiomanta agus spreag sí na reibiliúnaithe eile, níor ghéill siad ar feadh 6 lá. Bhí an láthair sin an-chontúirteach agus lean Constance ag troid go fíochmhar fiú agus a compánacht timpeallaithe ag Coláiste Ríoga na Máinlia.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta